# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 138

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

28 Márta 2022

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2022/C 138/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . 1

**Cúirt Bhreithiúnais**

2022/C 138/02 Cinneadh na Cúirte Breithiúnais an 1 Feabhra 2022 maidir le laethanta saoire oifigiúla agus tréimhsí na saoire breithiúnaí . . . 2

**Chúirt Ghinearálta**

2022/C 138/03 Cinneadh na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 maidir le tréimhsí na saoire breithiúnaí . . . 3

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2022/C 138/04 Cás C-191/21: Ordú na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Riaracháin Achomhairc, Lyon – an Fhrainc) – Ministre de l'Économie, des Finances et de la Relance v Les Anges d'Eux SARL, Echo 5 SARL, Cletimmo SAS . . . 4

2022/C 138/05 Cás C-460/21: Ordú na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 7 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD) – an Phortaingéil) – Vapo Atlantic SA v Autoridade Tributária e Aduaneira . . . 4

2022/C 138/06 Cás C-745/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank den Haag, zittingsplaats Zwolle (an Ísiltír) a taisceadh an 2 Nollaig 2021 – L.G. v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid . . . 4

2022/C 138/07 Cás C-760/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichts Wien (an Ostair) a taisceadh an 10 Nollaig 2021 – Kwizda Pharma GmbH . . . 4

GA

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 138/08 | Cás C-765/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale ordinario di Padova (an Iodáil) a taisceadh an 13 Nollaig 2021 – D. M. v Azienda Ospedale-Università di Padova | 5 |
| 2022/C 138/09 | Cás C-768/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgericht Wiesbaden (an Ghearmáin) a taisceadh an 14 Nollaig 2021 – TR v Land Hessen | 5 |
| 2022/C 138/10 | Cás C-770/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad Sofia-grad (an Bhulgáir) a taisceadh an 13 Nollaig 2021 – OGL-Food Trade Lebensmittelvertrieb GmbH v Direktor na Teritorialna direktsiya "Mitnitsa Plovdiv" pri Agentsiya "Mitnitsi" | 5 |
| 2022/C 138/11 | Cás C-773/21 P: Achomharc arna thabhairt an 9 Nollaig 2021 ag AV, AW i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a fógraíodh an 6 Deireadh Fómhair 2021 i gCás T-43/20, AV agus AW v an Pharlaimint | 5 |
| 2022/C 138/12 | Cás C-776/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Amtsgericht Düsseldorf (an Ghearmáin) a taisceadh an 15 Nollaig 2021 – EV v Alltours Flugreisen GmbH | 5 |
| 2022/C 138/13 | Cás C-797/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 15 Nollaig 2021 – Y.YA. v K.P. | 6 |
| 2022/C 138/14 | Cás C-805/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Spetsializiran nakazatelen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 20 Nollaig 2021 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne ZhU agus RD | 6 |
| 2022/C 138/15 | Cás C-806/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Hoge Raad der Nederlanden (an Ísiltír) a taisceadh an 21 Nollaig 2021 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne TF | 6 |
| 2022/C 138/16 | Cás C-809/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank Noord-Holland zittingsplaats Haarlem (an Ísiltír) a taisceadh an 21 Nollaig 2021 – Nokia Solutions and Networks Oy v Inspecteur van de Belastingdienst/Douane, kantoor Eindhoven | 6 |
| 2022/C 138/17 | Cás C-820/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad Sofia-grad (an Bhulgáir) a taisceadh an 28 Nollaig 2021 – Vinal AD v Direktor na Agentsia "Mitnitsi" | 6 |
| 2022/C 138/18 | Cás C-829/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Hessischer Verwaltungsgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 24 Nollaig 2021 – TE, RU, arna iondadú chun críocha dlíthiúla ag TE v Stadt Frankfurt am Main | 7 |
| 2022/C 138/19 | Cás C-833/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Audiencia Nacional (an Spáinn) a taisceadh an 31 Nollaig 2021 – Endesa Generación S.A.U. v Tribunal Económico Administrativo Central | 7 |
| 2022/C 138/20 | Cás C-16/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Oberlandesgericht Graz (an Ostair) a taisceadh an 6 Eanáir 2022 – Staatsanwaltschaft Graz v MS | 7 |
| 2022/C 138/21 | Cás C-30/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad Veliko Tarnovo (an Bhulgáir) a taisceadh an 12 Eanáir 2022 – DV v Direktor na Teritorialno podelenie na Natsionalnia osiguritelen institut – Veliko Tarnovo | 7 |
| 2022/C 138/22 | Cás C-33/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 14 Eanáir 2022 – Österreichische Datenschutzbehörde | 8 |
| 2022/C 138/23 | Cás C-75/22: Caingean arna tabhairt an 4 Feabhra 2022 – An Coimisiún Eorpach v Poblacht na Seice | 9 |
| 2022/C 138/24 | Cás C-82/22 P: Achomharc arna thabhairt an 7 Feabhra 2022 ag Jean-François Jalkh i gcoinne Bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a tugadh an 1 Nollaig 2021 i gCás T-230/21, Jalkh v an Pharlaimint | 10 |
| | **Chúirt Ghinearálta** | |
| 2022/C 138/25 | Cás T-13/22: Caingean arna tabhairt an 3 Eanáir 2022 – Loutsou v EUIPO (POLIS LOUTRON) | 11 |
| 2022/C 138/26 | Cás T-24/22: Caingean arna tabhairt an 14 Eanáir 2022 – Bensoussan v EUIPO – Lulu's Fashion Lounge (LOULOU STUDIO) | 12 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 138/27 | Cás T-36/22: Caingean arna tabhairt an 19 Eanáir 2022 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (PERFECT FARMA CERVIRON) | 12 |
| 2022/C 138/28 | Cás T-37/22: Caingean arna tabhairt an 19 Eanáir 2022 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (Cerviron) | 13 |
| 2022/C 138/29 | Cás T-38/22: Caingean arna tabhairt an 20 Eanáir 2022 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (CERVIRON Perfect Care) | 14 |
| 2022/C 138/30 | Cás T-39/22: Caingean arna tabhairt an 19 Eanáir 2022 – OA v An Pharlaimint | 14 |
| 2022/C 138/31 | Cás T-49/22: Caingean arna tabhairt an 27 Eanáir 2022 – an Rómáin v an Coimisiún | 15 |
| 2022/C 138/32 | Cás T-58/22: Caingean arna tabhairt an 31 Eanáir 2022 – Labaš v EUIPO (FRESH) | 17 |
| 2022/C 138/33 | Cás T-67/22: Caingean arna tabhairt an 1 Feabhra 2022 – Guma Holdings v EUIPO – X-Trade Brokers Dom Maklerski (XTRADE) | 17 |
| 2022/C 138/34 | Cás T-70/22: Caingean arna tabhairt an 3 Feabhra 2022 – Novasol v ECHA | 18 |
| 2022/C 138/35 | Cás T-74/22: Caingean arna tabhairt an 8 Feabhra 2022 – Siemens v an Pharlaimint | 19 |
| 2022/C 138/36 | Cás T-77/22: Caingean arna tabhairt an 9 Feabhra 2022 – Asesores Comunitarios v an Coimisiún | 20 |
| 2022/C 138/37 | Cás T-80/22: Caingean arna tabhairt an 14 Feabhra 2022 – OF v An Coimisiún | 21 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

## Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2022/C 138/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 128, 21.3.2022

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 119, 14.3.2022

IO C 109,7.3.2022

IO C 95, 28.2.2022

IO C 84, 21.2.2022

IO C 73, 14.2.2022

IO C 64, 7.2.2022

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

## CINNEADH NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS

## an 1 Feabhra 2022

## maidir le laethanta saoire oifigiúla agus tréimhsí na saoire breithiúnaí

(2022/C 138/02)

TÁ AN CHÚIRT

ag féachaint d'Airteagal 24(2), (4) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta,

de bhrí go bhfuil sé riachtanach i gcomhréir leis an bhforáil sin liosta na laethanta saoire oifigiúla a bhunú agus dátaí na saoire breithiúnaí a chinneadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

*Airteagal 1*

Bunaítear liosta na laethanta saoire oifigiúla de réir bhrí Airteagal 24(4) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta mar seo a leanas:

— Lá Caille,

— Luan Cásca,

— an 1 Bealtaine,

— an 9 Bealtaine,

— an Deascabháil,

— Luan Cincíse,

— an 23 Meitheamh,

— an 15 Lúnasa,

— an 1 Samhain,

— an 25 Nollaig,

— an 26 Nollaig.

*Airteagal 2*

Don tréimhse idir 1 Samhain 2022 agus 31 Deireadh Fómhair 2023, is mar seo a leanas a shocraítear dátaí na saoire breithiúnaí de réir bhrí Airteagal 24(2) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta:

— Nollaig 2022: ón Luan, an 19 Nollaig go dtí an Domhnach, an 8 Eanáir 2023, an dá lá sin san áireamh,

— Cáisc 2023: ón Luan an 3 Aibreán 2023 go dtí an Domhnach an 16 Aibreán 2023, an dá lá sin san áireamh,

— Samhradh 2023: ón Domhnach, an 16 Iúil 2023 go dtí an Déardaoin, an 31 Lúnasa 2023, an dá lá sin san áireamh.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 1 Feabhra 2022.

| *Cláraitheoir* | *Uachtarán* |
|---|---|
| A. CALOT ESCOBAR | K. LENAERTS |

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

## CINNEADH NA CÚIRTE GINEARÁLTA

**an 9 Feabhra 2022**

**maidir le tréimhsí na saoire breithiúnaí**

(2022/C 138/03)

Tá AN CHÚIRT GHINEARÁLTA

Ag féachaint d'Airteagal 41(2) de na Rialacha Nós Imeachta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

*Airteagal 1*

Don bhliain bhreithiúnach dár tús an 1 Meán Fómhair 2022, socraítear dátaí na saoire breithiúnaí de bhrí Airteagal 41(2) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta mar seo a leanas:

— Nollaig 2022: ón Luan, an 19 Nollaig 2022 go dtí an Domhnach, an 8 Eanáir 2023, an dá lá sin san áireamh;

— Cáisc 2023: ón Luan, an 3 Aibreán 2023 go dtí an Domhnach, an 16 Aibreán 2023, an dá lá sin san áireamh;

— Samhradh 2023: ón Domhnach, an 16 Iúil 2023 go dtí an Déardaoin, an 31 Lúnasa, an dá lá sin san áireamh;

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Márta 2022.

| | |
|---|---|
| *An Cláraitheoir* | *An tUachtarán* |
| E. COULON | M. VAN DER WOUDE |

V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Ordú na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Riaracháin Achomhairc, Lyon – an Fhrainc) – Ministre de l'Économie, des Finances et de la Relance v Les Anges d'Eux SARL, Echo 5 SARL, Cletimmo SAS**

**(Cás C-191/21)**

(2022/C 138/04)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Ordú na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 7 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD) – an Phortaingéil) – Vapo Atlantic SA v Autoridade Tributária e Aduaneira**

**(Cás C-460/21)**

(2022/C 138/05)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank den Haag, zittingsplaats Zwolle (an Ísiltír) a taisceadh an 2 Nollaig 2021 – L.G. v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid**

**(Cás C-745/21)**

(2022/C 138/06)

*Teanga an cháis:an Ollainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichts Wien (an Ostair) a taisceadh an 10 Nollaig 2021 – Kwizda Pharma GmbH**

**(Cás C-760/21)**

(2022/C 138/07)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale ordinario di Padova (an Iodáil) a taisceadh an 13 Nollaig 2021 – D. M. v Azienda Ospedale-Università di Padova**

**(Cás C-765/21)**

(2022/C 138/08)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgericht Wiesbaden (an Ghearmáin) a taisceadh an 14 Nollaig 2021 – TR v Land Hessen**

**(Cás C-768/21)**

(2022/C 138/09)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad Sofia-grad (an Bhulgáir) a taisceadh an 13 Nollaig 2021 – OGL-Food Trade Lebensmittelvertrieb GmbH v Direktor na Teritorialna direktsiya "Mitnitsa Plovdiv" pri Agentsiya "Mitnitsi"**

**(Cás C-770/21)**

(2022/C 138/10)

*Teanga an cháis: български*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Achomharc arna thabhairt an 9 Nollaig 2021 ag AV, AW i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a fógraíodh an 6 Deireadh Fómhair 2021 i gCás T-43/20, AV agus AW v an Pharlaimint**

**(Cás C-773/21 P)**

(2022/C 138/11)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Amtsgericht Düsseldorf (an Ghearmáin) a taisceadh an 15 Nollaig 2021 – EV v Alltours Flugreisen GmbH**

**(Cás C-776/21)**

(2022/C 138/12)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 15 Nollaig 2021 – Y.YA. v K.P.**

**(Cás C-797/21)**

(2022/C 138/13)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Spetsializiran nakazatelen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 20 Nollaig 2021 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne ZhU agus RD**

**(Cás C-805/21)**

(2022/C 138/14)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Hoge Raad der Nederlanden (an Ísiltír) a taisceadh an 21 Nollaig 2021 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne TF**

**(Cás C-806/21)**

(2022/C 138/15)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank Noord-Holland zittingsplaats Haarlem (an Ísiltír) a taisceadh an 21 Nollaig 2021 – Nokia Solutions and Networks Oy v Inspecteur van de Belastingdienst/Douane, kantoor Eindhoven**

**(Cás C-809/21)**

(2022/C 138/16)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad Sofia-grad (an Bhulgáir) a taisceadh an 28 Nollaig 2021 – Vinal AD v Direktor na Agentsia "Mitnitsi"**

**(Cás C-820/21)**

(2022/C 138/17)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Hessischer Verwaltungsgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 24 Nollaig 2021 – TE, RU, arna iondadú chun críocha dlíthiúla ag TE v Stadt Frankfurt am Main**

**(Cás C-829/21)**

(2022/C 138/18)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Audiencia Nacional (an Spáinn) a taisceadh an 31 Nollaig 2021 – Endesa Generación S.A.U. v Tribunal Económico Administrativo Central**

**(Cás C-833/21)**

(2022/C 138/19)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Oberlandesgericht Graz (an Ostair) a taisceadh an 6 Eanáir 2022 – Staatsanwaltschaft Graz v MS**

**(Cás C-16/22)**

(2022/C 138/20)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberlandesgericht Graz

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Staatsanwaltschaft Graz

*Cosantóir:* MS

*Páirtí eile:* Finanzamt für Steuerstrafsachen und Steuerfahndung Düsseldorf

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcaithfear an chéad abairt d'Airteagal 1(1) agus Airteagal 2(c)(i) de Threoir 2014/41/AE ([1]) a léirmhíniú amhail go bhfuil oifig cánach sa Ghearmáin a bhfuil freagracht uirthi as ábhair chánach choiriúla agus imscrúdú cánach agus a gcuirtear ar a cumas faoi rialacha náisiúnta cearta a fheidhmiú agus oibleagáidí a chomhlíonadh, ar cearta agus oibleagáidí d'oifig an ionchúisitheora phoiblí iad, i ndáil le cionta áirithe le meas mar "údarás breithiúnach" agus "údarás eisiúna" de réir bhrí na bhforálacha sin?

([1]) Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO 2014, L 130, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad Veliko Tarnovo (an Bhulgáir) a taisceadh an 12 Eanáir 2022 – DV v Direktor na Teritorialno podelenie na Natsionalnia osiguritelen institut – Veliko Tarnovo**

**(Cás C-30/22)**

(2022/C 138/21)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administrativen sad Veliko Tarnovo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* DV

*Cosantóir:* Direktor na Teritorialno podelenie na Natsionalnia osiguritelen institut – Veliko Tarnovo

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An é go ndéanfar léirmhíniú ar fhoráil Airteagal 30(2) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 30(1)(a) de, a léirmhíniú mar fhoráil a chiallaíonn go gcumhdaítear na daoine dá dtagraítear sa dara foráil faoi raon feidhme *ratione personae* Airteagal 31(1) den Chomhaontú más náisiúnaigh de Bhallstát iad gan bhriseadh ar feadh na hidirthréimhse agus go raibh siad ag an am céanna faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, nó an é go ndéanfar léirmhíniú ar an bhforáil sa chiall nach bhfuil na daoine dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(a) den Chomhaontú cumhdaithe le hAirteagal 31(1) ach amháin fad agus go bhfuil siad fostaithe sa Ríocht Aontaithe ag deireadh agus/nó tar éis dheireadh na hidirthréimhse?

2) An é go ndéanfar léirmhíniú ar fhoráil Airteagal 30(2) den Chomhaontú, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 30(1)(c) de, a léirmhíniú mar fhoráil a chiallaíonn go gcumhdaítear na daoine dá dtagraítear sa dara foráil faoi Airteagal 31(1) den Chomhaontú más rud é go raibh cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe mar shaoránaigh de chuid an Aontais gan bhriseadh ar feadh na hidirthréimhse agus go raibh siad ag an am céanna faoi réir reachtaíocht Ballstáit aonair ar feadh na hidirthréimhse, go dtí deireadh na tréimhse sin, nó an mór é a léirmhíniú sa chiall nach bhfuil na daoine dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(c) cumhdaithe le hAirteagal 31(1) má scoir siad de bheith ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse?

3) Más rud é go leanann sé ó léirmhíniú fhorálacha Airteagal 30(2) den Chomhaontú, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 30(1)(a) agus (c) de, nach bhfuil na forálacha sin infheidhme ar fhíorais na príomhimeachtaí toisc gur scoir saoránach de chuid an Aontais de chónaí sa Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse, an mór forálacha Airteagal 30(4) den Chomhaontú, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 30(3) de, a léirmhíniú mar fhorálacha a chiallaíonn nach bhfuil daoine a bhfuil cónaí orthu nó atá ag obair sa Stát ósta nó sa Stát ina bhfuil siad fostaithe cumhdaithe faoi fhoráil Airteagal 30(1) má chuirtear deireadh lena gcaidrimh dhlíthiúla mar dhaoine fostaithe (oibrithe) agus, dá bharr sin, gur chaill siad a g ceart cónaithe agus go bhfuil siad tar éis an Stát ina raibh siad fostaithe nó an Stát ósta a fhágáil tar éis dheireadh na hidirthréimhse, nó an é go ndéanfar léirmhíniú ar na forálacha sin sa chiall go mbaineann an srian atá leagtha síos in Airteagal 30(4) leis an gceart cónaithe agus leis an gceart chun fostaíochta arna fheidhmiú tar éis dheireadh na hidirthréimhse, gan an t-am a cuireadh deireadh leis na cearta a bheith ábhartha, ar choinníoll go raibh na cearta sin ann fós tar éis dheireadh na hidirthréimhse?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 14 Eanáir 2022 – Österreichische Datenschutzbehörde**

**(Cás C-33/22)**

(2022/C 138/22)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof (Ard-Chúirt Riaracháin, an Ostair)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* Österreichische Datenschutzbehörde (Údarás na hOstaire um Chosaint Sonraí, an Ostair)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* WK agus Uachtarán an Nationalrat (an Chomhairle Náisiúnta)

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An dtagann gníomhaíochtaí de choiste fiosrúcháin arna bhunú ag Parlaimint de Bhallstát, agus a ceart chun an fheidhmeannas a ghrinnscrúdú á fheidhmiú aici, faoi raon feidhme dhlí an Aontais de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 16(2) CFAE, beag beann ar ábhar an fhiosrúcháin sin, sa chaoi is go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag coiste fiosrúcháin parlaiminteach de Bhallstát?

Más freagra dearfach a gheofar ar an gcéad cheist:

2. An dtagann gníomhaíochtaí de choiste fiosrúcháin arna bhunú ag Parlaimint de Bhallstát, agus a ceart chun an fheidhmeannas a ghrinnscrúdú á fheidhmiú aici, ag a bhfuil mar ábhar an fhiosrúcháin sin gníomhaíochtaí de chuid údarás póilíneachta um chosaint an Stáit, a bhaineann mar sin le gníomhaíochtaí i ndáil le cosaint na slándála náisiúnta de réir bhrí aithris 16 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoi réir raon feidhme na díolúine dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a) den Rialachán sin?

Más freagra diúltach a gheofar ar an dara ceist:

3. Mura bhfuil – mar atá sá chás seo – ach údarás maoirseachta amháin curtha ar bun ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 51(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an bhfuil inniúlacht ag an údarás sin maidir le gearáin de réir bhrí Airteagal 77(1), i gcomhar le hAirteagal 55(1), den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí cheana mar thoradh díreach ar an Rialachán sin?

---

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

## Caingean arna tabhairt an 4 Feabhra 2022 – An Coimisiún Eorpach v Poblacht na Seice

## (Cás C-75/22)

(2022/C 138/23)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Armati, M. Mataija, M. Salyková, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht na Seice

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú, trí mhainneachtain Airteagal 3(1)(g) agus (h), Airteagal 6(b), Airteagal 7(3), Airteagal 21(6), Airteagal 31(3), Airteagal 45(2)(c), Airteagal 45(2)(f) agus, go páirteach, Airteagal 45(2)(e), Airteagal 45(3), Airteagal 50(1) i gcomhar le pointe 1(d) agus (e) d'Iarscríbhinn VII agus Airteagal 51(1) de Threoir 2005/36/CE ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint, arna leasú le Treoir 2013/55/AE ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a chur chun feidhme i gceart, theip ar Phoblacht na Seice a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi na forálacha sin den Treoir

— a ordú do Phoblacht na Seice na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.

*Airteagal 3(1)(g) agus (h)* – Maíonn an Coimisiún gur theip ar Phoblacht na Seice an oibleagáid maidir le stádas dlíthiúil a shocrú do dhaoine atá ag dul faoi thréimhsí cleachtais faoi mhaoirseacht agus daoine atá ag ullmhú do thriail inniúlachta atá sna forálacha sin den Treoir a chur chun feidhme.

*Airteagal 6(b)* – Maíonn an Coimisiún gur theip ar Phoblacht na Seice soláthróirí seirbhísí a dhíolmhú ó chlárú le comhlacht slándála sóisialta poiblí Bhallstáit óstaigh chun cuntais a ghlanadh le hárachóir a bhaineann le gníomhaíochtaí a shaothraítear ar mhaithe le daoine árachaithe.

*Airteagal 7(3)* – Is é tuairim an Choimisiúin nár cuireadh an fhoráil seo den Treoir chun feidhme go soiléir, lena gcuirtear ar chumas ailtirí agus tréidlianna úsáid a bhaint as teideal gairmiúil na mBallstát óstacha, sa mhéid go bhfuil siad ina hailtirí agus tréidlianna.

*Airteagal 21(6) agus Airteagal 31(3)* – Áitíonn an Coimisiún gur theip ar Phoblacht na Seice na forálacha sin a bhaineann le hoiliúint ghairmiúil altraí atá freagrach as cúram ginearálta i ndáil le gairm an altranais ghinearálta a chur chun feidhme i gceart.

*Airteagal 45(2)(c), Airteagal 45(2)(f) agus, go páirteach, Airteagal 45(2)(e)* – Maíonn an Coimisiún gur chuir Poblacht na Seice an fhoráil sin den Treoir chun feidhme go mícheart, ós rud é nár áiritheoidh sé rochtain ag cógaiseoirí ar na gníomhaíochtaí a áirítear sna forálacha sin.

*Airteagal 45(3)* – Is é tuairim an Choimisiúin gur chuir Poblacht na Seice an fhoráil sin den Treoir chun feidhme go mícheart ós rud é nár áiritheoidh sé rochtain ag cógaiseoirí a bhfuil cáilíocht ghairmiúil faighte acu i mBallstát eile ar íosmhéid gníomhaíochtaí, agus féadfar an cur chuige sin a bheith ag brath ar thaithí ghairmiúil bhreise amháin.

*Airteagal 50(1) i gcomhar le hIarscríbhinn VII, pointe 1(d) agus (e)* – Is é tuairim an Choimisiúin nach bhfuil an fhoráil sin den Treoir curtha chun feidhme i gceart ós rud é nach bhfuil foráil déanta ag Poblacht na Seice gur dhá mhí a bheidh mar theorainn ama chun na doiciméid a éilítear ón mBallstát baile a sholáthar.

*Airteagal 51(1)* – Maíonn an Coimisiún gur chuir Poblacht na Seice an fhoráil sin den Treoir chun feidhme go mícheart ar an bhforas gur theip uirthi foráil a dhéanamh gur mí amháin atá mar theorainn ama chun a admháil go bhfuarthas an t-iarratas ar aitheantas cáilíochtaí gairmiúla agus chun an t-iarratasóir a chur ar an eolas maidir le haon doiciméad atá in easnamh.

(1) IO L 255, 30.9.2005, p. 22.

(2) Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013, lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ar aithint cáilíochtaí gairmiúla agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, IO 2013 L 354, lch. 132.

**Achomharc arna thabhairt an 7 Feabhra 2022 ag Jean-François Jalkh i gcoinne Bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a tugadh an 1 Nollaig 2021 i gCás T-230/21, Jalkh v an Pharlaimint**

**(Cás C-82/22 P)**

(2022/C 138/24)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Jean-François Jalkh (ionadaí: F. Wagner, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Parlaimint na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— Breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 1 Nollaig 2021 i gcás T-230/21, Jalkh v an Pharlaimint a chur ar ceal.

— Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa P9_TA(2021)0092 an 25 Márta 2021 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine an iarratasóra a tharscaoileadh [2020/2110 (IMM)] a chur ar ceal.

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa na costais uile a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an achomharc, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil sárú á dhéanamh ar an riail "go gcuirtear imeachtaí riaracháin agus imeachtaí sibhialta ar fionraí sa chás go bhfuil imeachtaí coiriúla sa chás céanna". De réir an iarratasóra, tá earráid fhollasach mheasúnaithe déanta ag an gCúirt Ghinearálta agus mar thoradh ar sin go bhfuil neamhaird déanta aici ina hanailís ar fhorálacha dlí atá i bhfeidhm san Aontas Eorpach agus i gcásdlí ballstáit de chuid an Aontais, forálacha a d'fhéadfaí agus ba cheart a chur san áireamh i gcás an iarratasóra, chun an nós imeachta um iarraidh ar a dhíolúine a tharscaoileadh a chur ar fionraí agus an gearán a chur san áireamh a taisceadh le breitheamh imscrúdaithe na Bruiséile an 15 Nollaig 2020, i gcoinne X mar chaingean shibhialta as brionnú doiciméad agus úsáid doiciméad bréagach.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh earráid fhollasach mheasúnaithe ar dhlí an Aontais trí neamhaird a dhéanamh ar an sárú a rinne Parlaimint na hEorpa, trína Coiste JURI, ar Airteagal 7 de Theachtaireacht 0011/2019 an 19/11/2019.

De réir an iarratasóra, tá earráid fhollasach mheasúnaithe ar dhlí an Aontais agus a ar a phrionsabail ghinearálta déanta ag an gCúirt Ghinearálta, amhail prionsabal na córa comhionainne agus prionsabal an dea-riaracháin, prionsabail a raibh tábhacht ar leith a bhaint leo sna himeachtaí seo, a mhéid a mhaígh an t-iarratasóir gur cheart breathnú ar an bhfrása "*très attentive*" a bhí lámhscríofa taobh leis an bhfoirmle cúirtéise clóscríofa ar litir an Aire Dlí agus Cirt an 16 Meitheamh 2020 mar rud a léirigh toilteanas Rialtas na Fraince úsáid a bhaint as na himeachtaí breithiúnacha atá i gceist sa díospóireacht pholaitiúil agus gurbh ionann sin agus *fumus persecutionnis*.

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 9 den Phrótacal ar dhíolúintí. De réir an iarratasóra, d'aithin an Chúirt Ghinearálta go dtagann na fíorais a líomhnaíodh, eadhon an úsáid a bhain Jean-François Jalkh as a bhuiséid maidir leis na costais a bhaineann le cúnamh parlaiminteach, faoin díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 9 den Phrótacal, ach nach ndearna sí plé ach amháin ar fhoirmle ghinearálta agus an chaingean á diúltú aici gan na cúiseanna a bhain leis sin a mhíniú.

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Caingean arna tabhairt an 3 Eanáir 2022 – Loutsou v EUIPO (POLIS LOUTRON)**

**(Cás T-13/22)**

(2022/C 138/25)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Alexandra Loutsou (Thessaloniki, an Ghréig) (ionadaí: S. Psomakakis, dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhfuil na gnéithe focail "POLIS LOUTRON" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 144 809

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 20 Deireadh Fómhair i gcás R 544/2020-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an t-iarratas seo a cheadú;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a dhearbhú go bhfuil an t-achomharc i gcoinne an gcinnidh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO i gcás R 544/2020-1, a bhaineann le hiarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 144 809 a chlárú inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;

— Cinneadh Uimh. L 110an 8 Samhain 2019 maidir le fógra na bhforas diúltaithe d'iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18144809 a chur ar neamhní go páirteach, chun seasamh leis an iarratas i dtrácht ina iomláine agus chun an trádmharc i dtrácht a chlárú mar shainchomhartha ar tháirgí agus ar sheirbhísí an iarratasóra laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh le haghaidh aicmiú na n-aicmí arna n-éileamh;

— Cinneadh Uimh. L 123an 20 Eanáir 2020 maidir le diúltú d'iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18144809 a chur ar neamhní go páirteach, chun seasamh leis an iarratas i dtrácht ina iomláine agus chun an trádmharc i dtrácht a chosaint mar shainchomhartha ar tháirgí agus ar sheirbhísí an iarratasóra laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh le haghaidh aicmiú na n-aicmí arna n-éileamh;

— a ordú don chosantóir riaracháin, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, an trádmharc POLIS LOUTRON a chosaint maidir leis na haicmí go léir arna n-éileamh agus na hearraí agus seirbhísí go léir arna n-iarr;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, léiríodh agus cuireadh i bhfeidhm go mícheart forálacha Airteagal 7(1)(b) agus (c), de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 a mhéid, maidir le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh, mar is amhlaidh i gcás an trádmharc atá i gceist, nach bhfuil aon chineál tuairisciúil ná easpa sainiúlachta ann agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon fhoras ann diúltú don trádmharc a chlárú le haghaidh na n-aicmí arna n-éileamh agus na seirbhísí a bhaineann leis na haicmí sin.

**Caingean arna tabhairt an 14 Eanáir 2022 – Bensoussan v EUIPO – Lulu's Fashion Lounge (LOULOU STUDIO)**

**(Cás T-24/22)**

(2022/C 138/26)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Ugo Bensoussan (Páras, an Fhrainc) (ionadaithe: V. Bouchara agus A. Maier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Lulu's Fashion Lounge LLC (Chico, California, na Stáit Aontaithe)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh LOULOU STUDIO– Iarratas ar chlárú Uimh. 18 048 245

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 12 Samhain 2021 i gCás R 480/2021-4

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— seasamh leis an achomharc

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus an chuideachta LULU'S FASHION LOUNGE LLC a gcuid costas féin ó na himeachtaí a íoc agus na costais arna dtabhú ag Ugo Bensoussan a íoc i gcomhpháirt, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ó na himeachtaí os comhair EUIPO.

## Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 19 Eanáir 2022 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (PERFECT FARMA CERVIRON)**

**(Cás T-36/22)**

(2022/C 138/27)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Romedor Pharma (Focşani, an Rómáin) (ionadaí: E. Dicu, dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Perfect Care Distribution (Búcairist, an Rómáin)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "PERFECT FARMA CERVIRON" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 10 864 511

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí le haghaidh neamhniú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 17 Samhain 2021 i gCás R 522/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— glacadh leis an iarratas réasúnaithe arna leagan amach;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus dá bhrí sin glacadh leis an iarratas ar Thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 10 864 511 a neamhniú.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 60(1)(c) i gcomhar le hAirteagal 8(4) de Rialachán Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 19 Eanáir 2022 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (Cerviron)**

**(Cás T-37/22)**

(2022/C 138/28)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Romedor Pharma (Focşani, an Rómáin) (ionadaí: E. Dicu, dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Perfect Care Distribution (Búcairist, an Rómáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "CERVIRON" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 100 664

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí le haghaidh neamhniú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 17 Samhain 2021 i gCás R 520/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— glacadh leis an iarratas réasúnaithe arna leagan amach;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus dá bhrí sin glacadh leis an iarratas ar Thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 100 664 a neamhniú.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 60(1)(c) i gcomhar le hAirteagal 8(4) de Rialachán Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 20 Eanáir 2022 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (CERVIRON Perfect Care)**

**(Cás T-38/22)**

(2022/C 138/29)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Romedor Pharma (Focşani, an Rómáin) (ionadaí: E. Dicu, dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Perfect Care Distribution (Búcairist, an Rómáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "CERVIRON PERFECT CARE" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 064 805

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí le haghaidh neamhniú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 17 Samhain 2021 i gCás R 521/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— glacadh leis an iarratas réasúnaithe arna leagan amach;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus dá bhrí sin glacadh leis an iarratas ar Thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 064 805 a neamhniú.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 60(1)(c) i gcomhar le hAirteagal 8(4) de Rialachán Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 19 Eanáir 2022 – OA v An Pharlaimint**

**(Cás T-39/22)**

(2022/C 138/30)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OA (ionadaithe: G. Rossi agus F. Regaldo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Seasamh leis an iarratas;

— An dá chinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní (seachas an chuid sa dara chinneadh atá faoi chonspóid lenar sheas an cosantóir leis an ngearán maidir leis an aois inphinsin);

— A lua nár mhór méid pinsin an iarratasóra a shuíomh de réir mheán na dtuarastal go léir arna bhfáil ag an iarratasóir ón 24.6.2010 go dtí an 31.3.2021 (riail pro-rata);

— A lua, chun méid pinsin an iarratasóra a ríomh, nár mhór an tréimhse seirbhíse ag an institiúid, idir 27.7.2004 agus 1.07.2009, a chur san áireamh freisin;

— an cosantóir a dhaoradh chun cúiteamh a íoc as an damáiste arna dhéanamh don iarratasóir, ar mhéid a shocrófar de réir na foirmle dá dtagraítear faoi mhír 74 (an iarratais), nó ar mhéid ar bith eile a fhéadfaidh an Chúirt a chinneadh a bheith cóir agus ceart (sa hipitéis shéanta agus nach gcreidtear nach n-ordaíonn an Chúirt an méid a luaitear faoi mhíreanna 2, 3 agus 4 thuas); agus,

— an cosantóir a dhaoradh na costais a íoc (i gcás ar bith).

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ocht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil socruithe mionsonraithe áirithe socraithe roimh ré ag na cinntí a chonspóidtear chun méid cheart pinsin an iarratasóra a ríomh agus go bhfuil an t-iarratas inghlactha dá réir.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur bhain na cinntí a chonspóidtear míbhrí as cásdlí na Cúirte maidir le hinghlacthacht.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear nach bhfuil aon drochthionchar ag an gcinneadh atá á lorg ag an iarratasóir ar an gcosantóir, fiú i gcás athruithe sa todhchaí ar stádas oibre an chéad duine acu.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur cheart an tréimhse seirbhíse a thug an t-iarratasóir idir 2004 agus 2009 a mheas mar thréimhse seirbhíse ag an institiúid.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur cheart go dtabharfaí le fios go bhfuil 63 bliana d'aois mar thoradh ar athchinneadh na haoise inphinsin, gan dochar d'achomharc a dhéanamh ar chinneadh an chosantóra atá le teacht.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear nár mhór an riail *pro-rata*, mar a thugtar air, a chur i bhfeidhm.

7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear an dífheidhmiú páirteach a d'fhéadfadh a bheith ann (ag tagairt do na focail ([1]) "*final*" agus "*last*") d'Airteagal 77(2) de na Rialacháin Foirne, chun sáruithe ar phrionsabail an chomhionannais agus na comhréireachta a réiteach.

8. An t-ochtú saincheist dlí, ina bhfuil iarratas ar dhamáistí.

([1]) Níl leagan Gaeilge de na Rialacháin Foirne ar fáil, mar sin luaitear na focail mar atá siad san iarratas sa bhunteanga.

**Caingean arna tabhairt an 27 Eanáir 2022 – an Rómáin v an Coimisiún**

**(Cás T-49/22)**

(2022/C 138/31)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Rómáin (ionadaí: E. Gane agus L. Bațagoi, i gcáil gníomhairí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh 2021/20 a chur ar neamhní go páirteach, a mhéid a bhaineann le caiteachas ar luach iomlán EUR 178 320 110,85arna thabhú ag gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe na Rómáine agus arna dhearbhú faoi CERT agus CETFT a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh, arb ionann iad agus ceartuithe airgeadais ar ráta comhréidh 5 % agus 2 % arna gcur i bhfeidhm ar fhoras an tsáraithe ar dhlí an Aontais i dtaca leis na híocaíochtaí a bhaineann le réimsí do bhlianta éilimh 2017 agus 2018 (blianta airgeadais 2018 agus 2019); ([1])

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-Iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur fheidhmigh an Coimisiún go míchuí lena chumhacht chun suimeanna a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais ar bhonn Airteagal 52 de Rialachán Uimh. 1306/2013. ([2])

   — Rinne an Coimisiún an nós imeachta um imréiteach comhréireachta maidir le blianta éilimh 2017 agus 2018 ar mhodh míchuí:

   — Rinne an Coimisiún earráid agus é á mheas *go raibh neamhrialtacht ann maidir le seiceálacha riaracháin i leith íocaíochtaí glasa* a raibh tionchar acu ar na Cistí. Fiú ag glacadh leis go raibh neamhrialtacht den sórt sin ann, d'fhág iompar na hinstitiúide Eorpaí sin – go háirithe foclaíocht an-doiléir na dtorthaí agus an chomhtharlú ama idir fiosrúcháin 2017 agus 2018 – go raibh sé dodhéanta ríomhanna tionchair ábhartha áirithe a chur isteach agus an spriocdháta a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 34(3) de Rialachán Uimh. 908/2014 ([3]) á chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, dhiúltaigh an Coimisiún go míchuí, de shárú ar Airteagal 34(6) den Rialachán sin, anailís a dhéanamh ar na sonraí agus na ríomhanna a chuir údaráis na Rómáine ar fáil tríd an iarraidh ar idir-réiteach (an 5 Feabhra 2020) a bhaineann le fiosrúchán 2018. Níor cheart, i gcás ar bith, go gcuirfeadh an Coimisiún na ceartuithe ar ráta comhréidh 5 % i bhfeidhm.

   — Le hiompar na hinstitiúide Eorpaí sin, i gcomhthéacs fhiosrúchán 2018, maidir leis na *neamhrialtachtaí a bhaineann le nuashonrú LPIS* ([4]) *– cáilíocht agus sainaithint cheart na ndáileachtaí talaimh tagartha in LPIS-GIS* ([5]) – go háirithe gurbh iad na gnéithe riachtanacha arna soiléiriú ina sheasamh deiridh (an 20 Nollaig 2019) a bhí ann maidir le fiosrúchán 2017 – rinne sé dodhéanta méid na neamhrialtachtaí sin a shuíomh agus ríomhanna iarmharta ábhartha áirithe a thíolacadh agus an spriocdháta a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 34(3) de Rialachán Uimh. 908/2014 á chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin dhiúltaigh an Coimisiún go míchuí, de shárú ar Airteagal 34(6) den Rialachán sin, anailís a dhéanamh ar na sonraí agus na ríomhanna a chuir údaráis na Rómáine ar fáil tríd an iarraidh ar idir-réiteach (an 5 Feabhra 2020) a bhaineann le fiosrúchán 2018.

   — Ní féidir le hiompar na hinstitiúide Eorpaí sin, i gcomhthéacs fhiosrúchán 2018, i leith na *neamhrialtachta a bhaineann leis an uaslimistéar atá incháilithe do na bearta tacaíochta a bhaineann leis an limistéar arna mhaoiniú ag CETFT*, arb é atá inti, a modh ríofa féin a fhorchur, in ionad anailís a dhéanamh ar na sonraí agus na ríomhanna a chuir údaráis na Rómáine ar fáil an 10 Meitheamh 2019. Ina theannta sin, d'fhág an t-iompar sin go raibh sé dodhéanta d'údaráis na Rómáine é a shainaithint, faoin spriocdháta a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 34(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 908/2014, na coigeartuithe is gá a dhéanamh ar na sonraí agus na ríomhanna a chuireadh ar fáil. Sa chomhthéacs sin, dhiúltaigh an Coimisiún go míchuí, de shárú ar Airteagal 34(6) den Rialachán sin, anailís a dhéanamh ar na sonraí agus na ríomhanna a chuir údaráis na Rómáine ar fáil tríd an iarraidh ar idir-réiteach (an 5 Feabhra 2020) a bhaineann le fiosrúchán 2018.

   — Mheas an Coimisiún go mícheart go raibh *neamhrialtacht ann maidir le líon leordhóthanach seiceálacha ar an láthair i gcomhar le scéim na híocaíochta ghlasaithe a fheidhmiú*, trí thagairt mhícheart a dhéanamh do na sonraí rialaithe agus do na staitisticí a cuireadh in iúl faoi Airteagal 9(1) de Rialachán 809/2014. ([6]) Fiú ag glacadh leis go raibh neamhrialtacht den sórt sin ann, níor cheart don Choimisiún ceartuithe ar ráta comhréidh 5 % a chur i bhfeidhm.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur mainníodh prionsabal na comhréireachta a urramú.

   — Maíonn an Rómáin go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid contrártha do phrionsabal na comhréireachta, ós rud é trí cheartuithe áirithe ar ráta comhréidh 5 % i gcás íocaíochtaí arna ndéanamh faoi CERT agus 2 % i gcás íocaíochtaí arna ndéanamh faoin CETFT, a chur i bhfeidhm do bhlianta éilimh 2017 agus 2018 (blianta airgeadais 2018 agus 2019), rinneadh rómheastachán ar chaillteanais chistí an Aontais i ndiaidh na neamhrialtachtaí a aimsíodh, na rátaí sin 5 % agus 2 % gan aird ar chineál agus tromchúis an tsáraithe chomh maith leis na hiarmhairtí airgeadais an tsáraithe sin le haghaidh bhuiséad an Aontais.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear gur mainníodh an oibleagáid cúiseanna a shonrú a chomhlíonadh a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 296 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

— Mhainnigh an Coimisiún an oibleagáid cúiseanna a shonrú a chomhlíonadh a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 296 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh toisc gur mhainnigh sé ráiteas oiriúnach agus leordhóthanach a sholáthar ar na cúiseanna a chinn sé go raibh neamhrialtachtaí ann agus diúltú do na hargóintí agus do na ríomhanna a chuir údaráis na Rómáine ar aghaidh, ar thaobh amháin, agus a chinneadh nach raibh Airteagal 34(6) de Rialachán Uimh. 908/2014 infheidhme maidir le saintréithe sonracha an nós imeachta imréitigh comhréireachta lena gcumhdaítear blianta éilimh 2017 agus 2018.

(1) OI 2021, L 413, lch. 10.
(2) OI 2013, L 347, lch. 549.
(3) OI 2014, L 255, lch. 59.
(4) An Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talaimh.
(5) An Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talaimh – Córas faisnéise geografaí.
(6) OI 2014, L 227, lch. 69.

## Caingean arna tabhairt an 31 Eanáir 2022 – Labaš v EUIPO (FRESH)

**(Cás T-58/22)**

(2022/C 138/32)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Miroslav Labaš (Košice, an tSlóvaic) (ionadaí: M. Vasiľ, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh FRESH – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 311 155

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 24 Samhain 2021 i gCás R 610/2021-1

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ina iomláine;

— nó mar mhalairt ar sin, an chuid den chinneadh atá faoi chonspóid a bhaineann le hAicmí 35 agus 39 arna sainaithint san iarratas atá faoi chonspóid.

— a ordú don chosantóir íoc as na costais.

### Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Easpa soiléireachta maidir leis an nasc díreach idir an fógra FRESH agus a neamh-inghlacthacht a bheith cláraithe d'earraí agus seirbhísí in Aicmí 35 agus 39.

## Caingean arna tabhairt an 1 Feabhra 2022 – Guma Holdings v EUIPO – X-Trade Brokers Dom Maklerski (XTRADE)

**(Cás T-67/22)**

(2022/C 138/33)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Guma Holdings LTD (Limassol, an Chipir) (ionadaithe: M. Oleksyn agus M. Stępkowski, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* X-Trade Brokers Dom Maklerski S.A. (Vársá, an Pholainn)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhfuil an ghné focail XTRADE de dhathanna liath dorcha, fionnliath, gorm, leaganacha goirm – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 13 061 387

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cúlghairm

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 8 Samhain 2021 i gCás R 981/2020-5

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a athrú agus diúltú don iarratas ar dhearbhú neamhbhaileachta ina iomláine;

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí a gcuid costas féin a íoc agus iad sin arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc, lena n-áirítear iad sin a tabhaíodh sna himeachtaí os comhair EUIPO.

### Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 95(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcomhar le hAirteagal 27(4) den Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún.

— Sárú ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcomhar le hAirteagal 41(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([1]);

— Sárú ar Airteagail 8(4) agus 60(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcomhar le hAirteagail 16(1)(b) agus 7(2)(d)) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún.

([1]) IO 2012 C 326, lch. 391.

---

## Caingean arna tabhairt an 3 Feabhra 2022 – Novasol v ECHA

## (Cás T-70/22)

(2022/C 138/34)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Novasol (Kraainem, an Bheilg) (ionadaithe: C. Alter agus G. Bouton, dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh ECHA SME D (2021)8531-DC an 25 Samhain 2021, nach gceadaítear don iarratasóir aitheantais mar FBM a fháil agus nach gceadaítear dó táillí íslithe do ghnóthais mheánmhéide a fháil, mar a éilíodh leo nuair a rinneadh an t-iarratas, a chur ar neamhní, bunaithe ar Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

— na costais ina n-iomláine a ghearradh ar ECHA.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna ECHA earráid dlí sa chinneadh atá faoi chonspóid, ar fhoras go ndearna sé míléiriú ar na rialacha dlí a bhaineann le méid fiontar beag agus meánmhéide ("FBM") a mheas, dá dtagraítear i Rialacháin REACH ([1]), Moladh 2003/361 ([2]) agus Rialachán 340/2008 ([3]).

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe i leith fhíricí an cháis, sa dóigh go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar thuiscint earráideach ábharthacht na bhfíricí lena ndéantar FBM a aicmiú, cé go raibh an fhaisnéis riachtanach go léir ag ECHA chun méid an iarratasóra a mheas.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua agus ar phrionsabail an dea-riaracháin, a mhéid nár thug ECHA aire do na hargóintí ar cuireadh faoina bhráid, in ainneoin na n-aighneachtaí mionsonraithe agus doiciméadaithe a cuireadh ar fáil ag an iarratasóir chun diminsin an fhiontair a shocrú.

---

([1]) Rialachán (CE) uimh 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006, maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh 1488/94 ón gCoimisiúin chomh maith leTreoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiúin (IO 2006, L 396, lch. 1, Ceartúchán IO 2007, L 136, lch. 3)

([2]) Moladh ón gCoimisiúin an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 340/2008 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2008 maidir leis na táillí agus na muirir iníoctha leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) (IO L 107, 17.4.2008, lch. 6).

---

## Caingean arna tabhairt an 8 Feabhra 2022 – Siemens v an Pharlaimint

## (Cás T-74/22)

(2022/C 138/35)

*Teanga an cháis: an Fraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Siemens SAS (Saint-Denis, an Fhrainc) (ionadaí: E, Berkani, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

go príomha,

— an dá chinneadh an 8 Nollaig 2021 lena ndiúltaítear tairiscintí ón gcuibhreannas sealadach a raibh Siemens SAS ina bhall de, le haghaidh Bheart Uimh. 1 agus Bheart Uimh. 2, a chur ar ceal;

— an dá chinneadh lenar bronnadh Beart Uimh. 1 ar an gcuideachta Santerne Alsace agus Beart Uimh. 2 ar an gcuideachta Detection Electronique Française (DEF) a chur ar ceal;

de rogha air sin,

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa suim EUR 1 967 994 a íoc leis an gcuideachta Siemens SAS mar chúiteamh as deis a chailleadh go ndéanfaí Bearta Uimh. 1 agus Uimh. 2 den chonradh atá faoi chonspóid a bhronnadh ar an gcuideachta;

in aon chás,

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne an dá chinneadh de chuid Pharlaimint na hEorpa an 8 Nollaig 2021 lenar dhiúltaigh sí na tairiscintí a chuir an t-iarratasóir isteach mar chuid de nós imeachta tairisceana Uimh. ° 06A70/2021/M004 maidir le hathchóiriú an chórais slándála dóiteáin ar áitreabh Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear neamhdhleathacht maidir leis an gcuideachta Siemens SAS a dhíbirt ó Bhearta Uimh. 1 agus Uimh. 2. Maíonn an t-iarratasóir ina leith sin, ar an gcéad dul síos, go bhfuil earráid fhollasach mheasúnaithe déanta ag Parlaimint na hEorpa agus na tairiscintí a ghrádú aici, agus, ar an dara dul síos, sárú ar phrionsabal na trédhearcachta nuair a sheol an Pharlaimint uirlis ionsamhlúcháin lochtach chuig Siemens SAS, a raibh tionchar ríthábhachtach aici ar fhorbairt na dtairiscintí.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear dliteanas neamhchonarthach na Parlaiminte. Iarrann an t-iarratasóir go n-íocfar cúiteamh dó as an damáiste a rinneadh dó mar thoradh ar an deis a cailleadh go mbronnfar Bearta Uimh. 1 agus Uimh. 2 air.

---

**Caingean arna tabhairt an 9 Feabhra 2022 – Asesores Comunitarios v an Coimisiún**

**(Cás T-77/22)**

(2022/C 138/36)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Asesores Comunitarios SL (Maidrid, an Spáinn) (ionadaí: J. Monrabà Bagan, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh Uimh. C(2021) 8946 final an 3 Nollaig 2021 lena diúltaíodh do phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne a nochtadh a chur ar neamhní; agus

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur chuir an cosantóir an ceathrú fleasc d'Airteagal 4(1)(a), de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 [1] chun mífheidhme leis an mbonn a bhaint de leas an phobail i leith beartais airgeadais agus eacnamaíoch. Thairis sin, éilítear nár sonraíodh na fíricí a bhaineann le bagairt hipitéiseach ar chobhsaíocht eacnamaíoch Ríocht na Spáinne go cruinn sa chinneadh atá faoi chonspóid toisc gur nochtadh a plean téarnaimh agus athléimneachta don iarratasóir.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur chuir an cosantóir Airteagal 4(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 chun mífheidhme trína mheas go sárófaí príobháideachas agus sláine na ndaoine aonair a luaitear sna doiciméid a iarradh a nochtadh go poiblí.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur chuir an cosantóir Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 chun mífheidhme trína mheas go mbainfí an bonn go mór den phróiseas leanúnach cinnteoireachta leis na doiciméid a iarradh a nochtadh go poiblí.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur chuir an cosantóir Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 chun mífheidhme trína mheas nár bunaíodh aon leas sáraitheach i ndáil leis na doiciméid a iarradh a nochtadh ag a bhfuil tosaíocht ar an bpróiseas leanúnach cinnteoireachta.

(1) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO 2001 L 145, lch. 43 – 48).

**Caingean arna tabhairt an 14 Feabhra 2022 – OF v An Coimisiún**

**(Cás T-80/22)**

(2022/C 138/37)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OF (ionadaí/ionadaithe: N. de Montigny, dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Go príomha,

  — cinneadh an 13 Aibreáin 2021 ó PMO.1, lena ndiúltaítear do shíneadh ar liúntais teaghlaigh de thacaíocht airgeadais do leanaí céile a chur ar neamhní;

  — cinneadh an 10 Bealtaine 2021 ó PMO.1 lena gcuirtear Airteagal 85 i bhfeidhm a glacadh de bhun chinneadh an 13 Aibreán 2021 a chur ar neamhní;

  — an cinneadh lena ndiúltaítear do ghearán an 25 Samhain 2021 a chur ar neamhní, de réir mar is gá.

— i gcómhalairt,

  — a ordú don chosantóir cúiteamh a íoc ar an damáiste síceolaíoch agus ábhartha de thairbhe drochriaracháin a rinne an riaracháin, arna mheas mar 56 504,61 euro;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca lena chaingean i leith cinneadh an 13 Aibreáin 2021 ó PMO.1, lena ndiúltaítear do shíneadh ar liúntais teaghlaigh de thacaíocht airgeadais do leanaí céile a chur ar neamhní, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí agus fírice, réasúnaíocht earráideach agus chontrártha, méadú ar an dualgas cruthúnais, mainneachtain aird a thabhairt ar imthosca áirithe an cháis agus sárú coincheap na cothabhála.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabail na hintuarthachta, na deimhneachta dlíthiúla agus ar chur i bhfeidhm aonfhoirmeach Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("na Rialacháin") chomh maith le heaspa cúiseanna.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin, idirdhealú dearfach, diúltú mídhleathach de theastas dleathach, sárú an dualgais cúraim agus an ceart ag duine ar bith chun éisteacht a fháil sula ndéanfar cinneadh a mbeidh tionchar leis ar a chuid leasanna nó a chás féin.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe i leith chás an iarratasóra agus staid fhírinneach tacaíochta airgeadais do leanaí céile.

Mar thaca lena iarratas cinneadh an 10 Bealtaine 2021 ó PMO.1 lena gcuirtear i bhfeidhm Airteagal 85 a glacadh de bhun chinneadh an 13 Aibreán 2021 a chur ar neamhní, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheiste dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh ar an cheart chun éisteacht a fháil.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 85 de na Rialacháin agus na coinníollacha dá bhforáiltear chun íocaíochtaí iomarcacha a aisghabháil a cur i ngníomh.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA